# Socruithe athbhreithnithe chun Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) a mheasúnú agus a thuairisciú le haghaidh chohórt scoláirí 2018– 2021 (scoláirí atá sa Tríú Bliain in 2020/2021) Meán Fómhair 2020

Cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí in 2019/20 mar gheall gur dúnadh scoileanna chun srian a chur le paindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile a mhaolú, fuair scoláirí taithí éagsúil ar an bhfoghlaim. Mar gheall air sin, d’fhéadfadh dúshlán míchothrom agus díréireach a bheith os comhair scoileanna agus scoláirí a bheidh sa tríú bliain i mbliana agus CFL1anna agus CFL2anna á gcur i gcrích acu, mar a leagtar amach sna *Treoirlínte CFL1anna* agus *Treoirlínte CFL2anna.*

Sa doiciméad seo, cuirtear treoir ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le fianaise a bhailiú le haghaidh Aonaid Foghlama Tosaíochta (AFTanna) agus tugtar breac-chuntas ar an measúnú agus tuairisciú athbhreithnithe le haghaidh CFL1anna agus CFL2anna le haghaidh scoláirí atá sa tríú bliain faoi láthair (2020–2021).

## Measúnú agus tuairisciú ar AFTanna le haghaidh scoláirí atá sa tríú bliain de CFL1 agus CFL2 in 2020/2021

**Torthaí foghlama a chur i gcrích dá bhfuil rannpháirtíocht sa phobal ag teastáil**

**Dúshlán**

Níor baineadh amach roinnt torthaí foghlama a dhíríonn ar rannpháirtíocht le daoine eile lasmuigh den teaghlach sular dúnadh na scoileanna i mí an Mhárta 2020 agus seans nach mbeidh siad inbhainte amach leis an scaradh sóisialta atá ann i láthair na huaire.

**Treoir**

- Is féidir gach gníomhaíocht le haghaidh torthaí foghlama lena mbaineann idirghníomhaíocht le daoine eile agus leis an bpobal a dhearadh le go dtarlóidh sé laistigh de bholgán scoile an scoláire nó laistigh de phobal a theaghlaigh agus ní mór é a dhéanamh i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí.

**Dúshlán**

Mar thoradh ar dhúntaí na scoileanna i mí an Mhárta 2020, beidh scoláirí an tríú bliain ag céimeanna éagsúla dá bhfoghlaim. Ciallaíonn sin go raibh méideanna difriúla fianaise ar an bhfoghlaim curtha isteach ag gach scoláire le haghaidh gach AFT ina phunann sular dúnadh na scoileanna. Bhí cuid mhaith fianaise fós le cur isteach ag roinnt scoláirí nuair a d'fhill siad ar an scoil i mí Mheán Fómhair 2020. Mar sin, b'fhéidir nach mbeidh a ndóthain fianaise ag scoláirí go bhfuil na torthaí foghlama is gá bainte amach i ngach Gné de gach AFT chun 'Curtha i gcrích go rathúil' (CFL1anna) nó 'Gnóthaithe' (CFL2anna) a thuairisciú ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

**Treoir**

- Is cuid lárnach é breithiúnas gairmiúil an mhúinteora den mheasúnú agus den tuairisciú le haghaidh CFL1anna agus CFL2anna. Bainfidh múinteoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil lena chinneadh cén tuairisceoir a léirítear leis an bhfianaise atá bailithe.
- Beidh dhá thuairisceoir ar fáil le haghaidh AFTanna T2 ar PGSS an scoláire tríú bliain in 2021. I gcás gur féidir fianaise a bhailiú don chuid is mó de na torthaí foghlama, ar aon dul le Treoirlínte CFL2anna do Mhúinteoirí, leanfaidh múinteoirí leis an tuairisceoir 'Gnóthaithe' a úsáid i gcomhair PGSS an scoláire. Beidh an tuairisceoir nua 'Dul chun cinn déanta' ar fáil do gach scoláire eile tríú bliain atá ag ullmhú dá PGSS in 2021.Le go dtaifeadtar Dul chun cinn déanta ar PGSS do gach ATF, caithfidh an scoláire fianaise ar fhoghlaim a chur i láthair a thugann le fios gur bhain an scoláire tairbhe as rochtain a fháil ar roinnt torthaí foghlama don ATF sin.
- Is é 2021 an chéad bhliain a bhfaighidh an scoláire PGSS le haghaidh CFL1anna. Is féidir le múinteoirí 'Dul chun cinn déanta' nó 'Curtha i gcrích go rathúil' a bhronnadh ar an scoláire ar aon dul le Treoirlínte CFL1anna do Mhúinteoirí.
- San fhoilseachán *Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (ROS, 2017)* luaitear gur cheart curaclam a oireann dá leibhéal forbartha a mhúineadh do gach scoláire. Mar thoradh ar Covid-19 agus dúntaí scoileanna, seans go mbeidh roinnt cásanna ina mbeartaíonn múinteoirí agus tuismitheoirí gur cheart an fhoghlaim CFL1 agus CFL2 a shíneadh go dtí an tsraith shinsearach ar mhaithe leis an scoláire. Sa chás sin, tá sé fós tábhachtach go gcuirfear tuairisceoirí maidir leis an bhfoghlaim go dtí sin isteach faoi mhí na Samhna 2021 le haghaidh an PGSS. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir PGSS a bhronnadh ar an scoláire sa tsraith shinsearach.

**Gearrchúrsaí nár tosaíodh nó nár críochnaíodh**

**Dúshlán**

Ag brath ar chur chuige na scoile maidir le gearrchúrsaí T1 agus T2, bhí gearrchúrsa amháin nó an dá ghearrchúrsa tosaithe ag an scoláire sular dúnadh scoileanna i mí an Mhárta 2020. Seans nach mbeidh go leor ama chun an dá MRB a chríochnú mar thoradh ar dhúntaí scoileanna.

**Treoir**

- Tá dhá thuairisceoir ar fáil maidir le Gearrchúrsaí T2 ar PGSS 2021 don scoláire tríú bliain. I gcás gur féidir an Gearrchúrsa agus a MRB a chur i gcrích, leanfaidh múinteoirí leis an tuairisceoir 'Gnóthaithe' a úsáid i gcomhair PGSS an scoláire. Beidh an tuairisceoir 'Dul chun cinn déanta' ar fáil do gach scoláire eile tríú bliain CFL2 a chuireann fianaise ar an bhfoghlaim i láthair lena léirítear gur bhain an scoláire tairbhe as rochtain a fháil ar roinnt torthaí foghlama sa ghearrchúrsa sin. Bainfidh múinteoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil lena chinneadh cén tuairisceoir a léirítear leis an obair MRB chríochnaithe a chuirtear isteach.
- I gcás gur thosaigh scoileanna an dá ghearrchúrsa sa chéad bhliain, beidh sé indéanta fós an dá MRB a chur i gcrích agus a thuairisciú.
- I gcás gur thosaigh scoileanna gearrchúrsa amháin nó an dá cheann sa dara bliain, moltar go gcuirfidh an scoláire MRB amháin i gcrích. Ní dhéanfar taifead ach ar an ngearrchúrsa amháin sin ar PGSS 2021.
- I gcás nach féidir le scoláirí leochaileacha filleadh ar an scoil mar gheall ar Covid-19 agus go bhfuil siad fós ag foghlaim go cianda, is féidir MRBanna a chur i gcrích sa bhaile. I gcásanna den sórt sin, tá sé tábhachtach go dtugtar faoi le treoir agus tacaíocht óna múinteoirí. Socróidh an múinteoir MRBanna. Oibreoidh an múinteoir leis an tuismitheoir lena chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta MRB agus chun treoir a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir leis an tuismitheoir tacú lena pháiste chun MRB a chur i gcrích. Is é freagracht an mhúinteora é an obair sin a fhíordheimhniú le haghaidh tuairisciú PGSS.

**An chianfhoghlaim**

**Dúshlán**

Bhí cuid mhaith dúshlán roimh mhúinteoirí, scoláirí agus a dteaghlaigh a bhain leis an gcianfhoghlaim nuair a dúnadh scoileanna i mí an Mhárta 2020. I gcás nach féidir le scoláirí leochaileacha filleadh ar an scoil mar gheall ar Covid-19, tá an chianfhoghlaim ina dúshlán fós.

**Treoir**

- I gcás ina bhfuil an chianfhoghlaim ar siúl le tacaíocht agus le treoir an mhúinteora, is féidir le múinteoirí fianaise a bhailíonn tuismitheoirí le haghaidh phunann an scoláire a mheasúnú agus a úsáid. I gcásanna den sórt sin, is iad na múinteoirí a shocraíonn na tascanna, a chuireann treoir ar fáil maidir leis an gcaoi ar cheart don pháiste an tasc a chur i gcrích, agus a bheartaíonn na critéir ratha chun an tasc a mheasúnú. Rachaidh an múinteoir i gcomhairle leis an tuismitheoir chun fianaise a bhailiú le haghaidh na punainne.

Cé gur freagairt iad na socruithe sonracha sin ar dhúshláin ar leith a eascraíonn as an bpaindéim a tharla le gairid, tá sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a dhéanamh freisin: féinriar scoile a spreagadh agus cinntí teagaisc agus foghlama a rinneadh ar leibhéal na scoile le linn dhúnadh na scoileanna a aithint; líon MRBanna atá le críochnú ag an scoláire sa scoilbhliain seo a laghdú b'fhéidir; agus a chinntiú, a oiread is féidir, gur féidir an dul chun cinn foghlama agus gnóthachtáil an scoláire ina CFL1 agus CFL2 a aithint agus tuairisciú a dhéanamh orthu i PGSS an scoláire.